**Suirbhé le tuairim a fhiosrú maidir leis an bplean le Páipéar 1 na hArdteiste a bhogadh**


**Survey to ascertain opinion regarding the plan to move Leaving Certificate Paper 1**

- Ghlac 528 duine páirt sa suirbhé - 517 múinteoir, 9 nach múinteoirí iad agus 2 nár chuir freagra.
- 528 people took part in the survey – 517 teachers, 9 that are not teachers and 2 that did not give a response.

*Rinneadh an suirbhé seo idir 21/02/23 – 28/02/23*
*This survey was conducted between 21/02/23 – 28/02/23*

**<u>Ceist 1</u>**


1. Ar cheart Páipéar 1 na hArdteiste sa Ghaeilge a bhogadh go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh?
528 responses




- **94.5%** ag rá **nár cheart Páipéar 1 na hArdteiste sa Ghaeilge a bhogadh** go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh.
- **94.5%** say that **Leaving Certificate Paper 1 in Irish should not be moved** to 5th Year from September 2023 onwards.

## Ceist 2


2. Ar cheart Páipéar 1 a bhogadh go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 gan tacaíocht inseirbhíse a chur ar fáil i dtaobh na n-athruithe roimhe seo?
528 responses




- **99.2%** ag rá **nár cheart Páipéar 1 na hArdteiste sa Ghaeilge a bhogadh** go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 **gan tacaíocht inseirbhíse a chur ar fáil** i dtaobh na n-athruithe roimhe seo.
- **99.2%** say that **Leaving Certificate Paper 1 in Irish should not be moved** to 5th Year from September 2023 **without inservice training being provided** regarding the changes before this.

## Ceist 3

3. Ar cheart Páipéar 1 a bhogadh go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 gan scrúdpháipéir shamplacha chuí a chur ar fáil roimhe seo?
528 responses





- **99.2%** ag rá **nár cheart Páipéar 1 na hArdteiste sa Ghaeilge a bhogadh** go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023 **gan scrúdpháipéir shamplacha chuí a chur ar fáil** roimhe.
- **99.2%** say that **Leaving Certificate Paper 1 in Irish should not be moved** to 5th Year from September 2023 **without appropriate sample examination papers being provided** beforehand.

**<u>Ceist 4</u>**

4. Ar cheart athruithe mar seo a dhéanamh ar an gcóras scrúdaithe gan athbhreithniú a dhéanamh ar an siollabas ar dtús?

528 responses





- **98.9%** ag rá **nár cheart athruithe mar seo a dhéanamh** ar an gcóras scrúdaithe **gan athbhreithniú a dhéanamh ar an siollabas** ar dtús
- **98.9%** say that **changes like this should not be made** to the examination system **without changes being made to the syllabus** first

**<u>Ceist 5</u>**

5. Ar cheart athruithe a dhéanamh ar an gcóras scrúdaithe gan athbhreithniú bheith déanta ar oiriúnacht na n-athruithe seo do mhúineadh na teanga ar dtús?


528 responses




- **98.3%** ag rá **nár cheart athruithe a dhéanamh** ar an gcóras scrúdaithe **gan athbhreithniú bheith déanta** ar oiriúnacht na n-athruithe seo do mhúineadh na teanga ar dtús.
- **98.3%** say that **changes should not be made** to the examination system **without a review taking place** on the suitability of these changes for the teaching of the language first.

**<u>Ceist 6</u>**


6. I do thuairim, an gcuirfeadh sé bac ar phróiseas nádúrtha foghlama na teanga dá ndéanfaí measúnú ar scileanna teanga áirithe sa 5ú Bliain amh...a ná: labhairt, scríobh, éisteacht, léitheoireacht)
528 responses




- **93.8%** den bharúil **go gcuirfeadh sé bac** ar phróiseas nádúrtha foghlama na teanga **dá ndéanfaí measúnú ar scileanna teanga áirithe sa 5ú Bliain <u>amháin</u>** *(agus nach ndéanfaí measúnú ar na scileanna teanga sin sa 6ú Bliain mar sin)*.
- **93.8%** believe that **it would hinder** the natural language acquisition process **if some language skills were <u>only</u> assessed in 5th Year.** *(and therefore those language skills would not be assessed in 6th Year)*

**<u>Ceist 7</u>**

7. Má bhogtar Páipéar 1 na hArdteiste go dtí an 5ú Bliain ó Mheán Fómhair 2023, an gceapann tú go méadódh sé nó go laghdódh sé brú ar dhaltaí?
528 responses





- **93.4%** ag rá go **méadódh sé brú ar dhaltaí** má bhogtar **Páipéar 1 na hArdteiste go dtí an 5ú Bliain** ó Mheán Fómhair 2023.
- **93.4%** say that it would **increase pressure on students** if **Leaving Certificate Paper 1 is moved to 5th Year** from September 2023.

**Ceist 8**

8. An mbeifeá i bhfabhar líon na sraithphictiúr a ísliú ó 20 sraithphictiúr go 10 sraithphictiúr mar bheartas leis an mbrú ar dhaltaí a laghdú?

528 responses




- **97.5%** ag rá go mbeidís **i bhfabhar** líon na sraithphictiúr **a ísliú ó 20 sraithphictiúr go 10 sraithphictiúr** mar bheartas **leis an mbrú ar dhaltaí a laghdú**.
- **97.5%** say that they would be **in favour** of **decreasing the number of sraithphictiúr from 20 sraithphictiúr to 10 sraithphictiúr** as a measure to **reduce the pressure on students**.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil ceithre staidéar déanta ar an mbéaltriail le roinnt blianta anuas. Aithníonn gach tuarascáil go bhfuil an iomarca sraithphictiúir le staidéar ag daltaí agus nach bhfuil an córas reatha i dtaca leis na sraithphictiúir ag obair go héifeachtach.[1]

Creidimid gur cheart gníomhú ar an taighde seo, agus mar fhreagra gur cheart líon na sraithphictiúr a ísliú ó 20 sraithphictiúr go 10 sraithphictiúr gan mhoill.

It should be noted that four studies have been conducted in relation to the speaking exam over the past number of years. Each report recognises that students have too many sraithphictiúir to study and that the current system in relation to the sraithphictiúir is not working effectively.

We firmly believe that action should be taken in relation to this research, and that the number of sraithphictiúir should be reduced from 20 sraithphictiúr to 10 sraithphictiúr immediately.

---

1

Ó Curraoin, Máirtín (2017) Tionchar na Leasuithe ar Bhéaltriail na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta, CNCM https://ncca.ie/en/resources/tionchar-na-leasuithe-ar-bh%c3%a9altriail-na-gaeilge-ag-leibh%c3%a9al-na-hardteistim%c3%a9ireachta/
Nic Eoin, Carmel (2017) Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta, CNCM https://ncca.ie/media/3942/2012-oral-examination-insights-report_irish-final.pdf
Ní Mhaonaigh, Siuán (2017) Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta - Anailís ar a dTionchar Tuarascéail Taighde 2, COGG https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Leasuithe-ar-Scr%C3%BAd%C3%BA-Gaeilge-na-hArdteistim%C3%A9ireachta-2017.pdf
Ní Mhaonaigh, Siuán (2013) Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta - Anailís ar a dTionchar, COGG https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leasuithe-ar-scrudu-gaeilge-na-hardteistimeireachta-1.pdf